# Ráiteas Beartais Inbhuanaitheachta

## Gaelscoil Phort Láirge

### Réamhrá

Faoin Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide don Earnáil Phoiblí, ceanglaítear ar gach comhlacht seirbhíse poiblí cloí leis an Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Treochláir Ghníomhaithe ar son na hAeráide a fhorbairt ina leagtar amach an chaoi a mbainfidh siad amach a spriocanna maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus laghdú astaíochtaí.

Tá Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide ar leith ag scoileanna anois, faoina gceanglaítear orthu Ráiteas Beartais Inbhuanaitheachta a ghlacadh. Cuireann an dara Straitéis Náisiúnta um Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe (OFI) go dtí 2030 bonn eolais faoin ráiteas seo freisin.

Is é aidhm an Oideachais don Fhorbairt Inbhuanaithe (OFI) ná a chinntiú go mbeidh an t-eolas, na scileanna agus na luachanna riachtanacha ag gach foghlaimeoir faoi 2030 chun forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn. Áirítear leis sin stíleanna maireachtála inbhuanaithe, cearta an duine, comhionannas inscne, cultúr síochána agus neamhfhoréigin, saoránacht dhomhanda, agus meas ar éagsúlacht chultúrtha agus ar an ról atá ag an gcultúr i bhforbairt inbhuanaithe.

Ullmhaíodh an Ráiteas Beartais seo mar chuid de Shainordú na hEarnála Scoile um Ghníomhú ar son na hAeráide agus i gcomhréir le prionsabail agus téamaí an OFI go dtí 2030. Tá sé glactha ag Bord Bainistíochta Ghaelscoil Phort Láirge.

### Cuspóir

Is é cuspóir an Ráitis Bheartais Inbhuanaitheachta seo ná cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a gcuireann Gaelscoil Phort Láirge an inbhuanaitheacht agus gníomhú ar son na haeráide chun cinn trína cuid gníomhartha agus gníomhaíochtaí. Tuigtear an inbhuanaitheacht mar an cumas forbairt agus rath a bhaint amach gan acmhainní nádúrtha a ídiú, ionas go mbeidh siad ar fáil do na glúnta atá le teacht.

### Raon Feidhme

Is cúram don phobal scoile uile í an inbhuanaitheacht agus baineann an Ráiteas seo le gach dalta, múinteoir agus ball foirne sa scoil. Moltar do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí an Ráiteas a léamh, tacú leis agus a chur chun cinn nuair is féidir.

Cinnteoidh Bord Bainistíochta na scoile go mbeidh gach cinneadh a dhéanfar ar son na scoile ag teacht le prionsabail an Ráitis seo.

## Fís, Misean agus Luachanna

### Fís

Is í fís Ghaelscoil Phort Láirge ná timpeallacht foghlama chúramach, ardchaighdeáin a chruthú ina gcuirtear fáilte roimh gach páiste, ina léirítear meas agus cúram dóibh, agus ina dtugtar gach deis dóibh a lánacmhainneacht a bhaint amach, beag beann ar a gcúlra, a náisiúntacht ná a gcreideamh.

*(Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 3 – Sláinte agus Folláine; Sprioc 4 – Oideachas Ardchaighdeáin.)*

### Misean

Is é misean na scoile samhail den bhunoideachas a chur ar fáil a léiríonn Éire san aonú haois is fiche. Cuirimid fáilte roimh gach páiste sa phobal ar a bhfreastalaímid agus cruthaímid deiseanna foghlama i dtimpeallacht atá bunaithe ar éagsúlacht, ar chuimsiú agus ar chomhionannas.

Freastalaímid ar riachtanais fhisiciúla, acadúla, shóisialta, mhothúchánacha agus spioradálta na bpáistí i dtimpeallacht shábháilte, thacúil agus chúramach.

*(Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 5 – Comhionannas Inscne; Sprioc 10 – Éagothroime Laghdaithe.)*

## Luachanna

Is iad seo a leanas croíluachanna Ghaelscoil Phort Láirge:

- Cineáltas
- Meas
- Cuimsiú
- Ionracas
- Buíochas
- Freagracht

Síneann na luachanna seo níos faide ná teagasc agus foghlaim. Cothaíonn siad dea-chaidrimh, intleacht mhothúchánach, nasc láidir leis an dúlra agus cúram don chomhshaol.

*(Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 11 – Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe; Spriocanna 13 & 15 – Gníomhú ar son na hAeráide agus an Saol ar Talamh.)*

## Cur Chuige na Scoile Uile i leith na hInbhuanaitheachta

Tá Gaelscoil Phort Láirge tiomanta do chur chuige iomlánaíoch i leith na hinbhuanaitheachta. Léirítear an tiomantas seo inár mbeartais, inár gcleachtais teagaisc agus foghlama, agus i saol laethúil na scoile.

- Tá an Ráiteas Beartais Inbhuanaitheachta seo glactha ag an scoil. Leagtar amach ann aidhmeanna agus cuspóirí an Oideachais don Fhorbairt Inbhuanaithe (OFI) agus an nasc atá acu le fís agus misean na scoile.
- Aithnítear an tOideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe mar théama traschuraclaim, agus déantar é a chomhordú go héifeachtach ar fud na scoile.
- Aithnítear deiseanna chun an inbhuanaitheacht a chomhtháthú le teagasc agus foghlaim i ngach ábhar den churaclam.
- Tá beartais uile na scoile ailínithe le prionsabail na forbartha inbhuanaithe.

- Cinntíonn an scoil go bhfuil acmhainní cuí agus leordhóthanacha ar fáil chun tacú le teagasc agus foghlaim sa réimse seo.
- Déantar féinmheastóireacht rialta ar chleachtais teagaisc na scoile chun cáilíocht an Oideachais don Fhorbairt Inbhuanaithe a fheabhsú.
- Tá an scoil ina ball de Líonra Scoileanna Inbhuanaithe na hÉireann (ISSN).
- Coinníonn an scoil suas chun dáta leis na forbairtí is déanaí san Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe, lena n-áirítear trí nuachtlitir ráithiúil OFI na Roinne Oideachais.

## Inbhuanaitheacht Chomhshaoil

Táimid tiomanta do chleachtais atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus a chothaíonn freagracht chomhshaoil i measc phobal na scoile.

- Tá Gaelscoil Phort Láirge páirteach sa chlár Scoileanna Glasa. In 2023, bronnadh an Bhratach Ghlas orainn don téama Saoránacht Dhomhanda: Bruscar agus Dramhaíl. Faoi láthair tá Coiste Scoileanna Glasa, comhdhéanta de dhaltaí agus de bhaill foirne, ag obair ar an téama Saoránacht Dhomhanda: Fuinneamh.
- Glacann an scoil páirt i gcláir agus acmhainní an SEAI a bhaineann le fuinneamh, lena n-áirítear ceardlanna do dhaltaí agus forbairt ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí. Ghlac ranganna a cúig agus a sé páirt i gceardlann ar fhuinneamh in-athnuaite i rith na bliana.
- Baineann an scoil úsáid as acmhainní agus uirlisí bainistíochta fuinnimh an SEAI chun monatóireacht a dhéanamh ar úsáid fuinnimh agus chun tomhaltas a thaifeadadh.
- Tá córas cuimsitheach bainistíochta dramhaíola i bhfeidhm sa scoil. Tá bosca athchúrsála, bosca dramhaíola bia agus bosca dramhaíola ginearálta i ngach seomra ranga, agus tá gach ceann acu lipéadaithe go soiléir.
- Spreagtar athúsáid ábhar agus táirgí in-athchúrsáilte le linn ceachtanna. Úsáideann na daltaí ábhair athchúrsáilte chun saothair ealaíne, uirlisí ceoil agus gníomhaíochtaí Mata a chruthú.
- Tá bosca **Re-Turn sa** scoil chun buidéil phlaisteacha agus cannaí a bhailiú agus a athchúrsáil.

- Tá beartais chuimsitheacha i bhfeidhm maidir le caomhnú uisce, bainistiú dramhaíola, laghdú dramhaíola bia agus úsáid plaisteach aonúsáide.
- Tá tionscnamh laghdaithe páipéir curtha i bhfeidhm ag an scoil. Ó Mheán Fómhair 2025 ar aghaidh úsáidtear doiciméid dhigiteacha agus Google Docs in áit cháipéisí páipéir, nuair is féidir.
- Suiteáladh painéil ghréine fhótavoltacha (Solar PV) sa scoil in 2024. Is féidir leis na daltaí monatóireacht a dhéanamh ar an bhfuinneamh atá á ghiniúint trí thaispeántas atá suiteáilte sa scoil.
- Cothaímid meon cúraim agus freagrachta i leith an chomhshaoil nádúrtha i measc na ndaltaí agus phobal uile na scoile.
- Cuirimid an bhithéagsúlacht chun cinn trí limistéar den pháirc imeartha a fhágáil gan gearradh chun bláthanna fiáine agus féara dúchasacha a chaomhnú. Tá leapacha ardaithe curtha sa phollathollán nua freisin, rud a chuirfidh ar ár gcumas níos mó cineálacha torthaí, glasraí agus luibheanna a fhás.
- Cuireadh crainn nua ar imeall pháirc imeartha na scoile.
- Tá cliabháin mhúirín duilleog sa scoil chun múirín nádúrtha a tháirgeadh lena úsáid sa phollathollán.
- Spreagann an scoil taisteal inbhuanaithe, lena n-áirítear siúl agus rothaíocht chun na scoile nuair is féidir.
- Glacann an scoil páirt i gcláir a chuireann oideachas comhshaoil chun cinn, amhail Picker Pals agus GIY Schools.
- Cuireann Cumann na dTuismitheoirí an geilleagar ciorclach chun cinn trí scéim athúsáide éide scoile a eagrú, áit ar féidir le teaghlaigh éidí scoile a thabhairt isteach lena n-athúsáid ag teaghlaigh eile.

## Inbhuanaitheacht Shóisialta

Aithníonn éiteas Ghaelscoil Phort Láirge tábhacht an chomhionannais, an chuimsithe agus na cothroime, agus léirítear na prionsabail seo i ngach gné de shaol na scoile.

- Cuirtear deiseanna ar fáil dár ndaltaí a gcuid scileanna a fhorbairt agus a úsáid chun páirt ghníomhach a ghlacadh i réiteach fadhbanna sa phobal áitiúil.
- Déanaimid ár ndícheall na daltaí a ullmhú le bheith ina saoránaigh fhreagracha i bpobal domhanda atá ag athrú de shíor.
- Glacann rang a ceathair páirt sa chlár Global Classrooms, a nascann ár ndaltaí le scoileanna ar fud an domhain. Tríd an gclár seo, d'oibrigh siad le daltaí ón gCéinia, ón Afraic Theas, ó Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha agus ón bPalaistín ar Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 1, 2, 6, 11, 12, 13, 14 agus 15.
- Ghlac daltaí rang a ceathair páirt i Designathon, áit ar dhear siad réitigh nuálacha ar dhúshláin a bhaineann leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe. Chruthaigh grúpa amháin tionscadal darb ainm *Dirty Dog*, a dhírigh ar Sprioc 12 – Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach. Chuir na daltaí a gcuid smaointe i láthair do dhaltaí eile ó thíortha éagsúla trí chruinniú ar líne.
- Glacann an scoil páirt i gcláir Oideachais Saoránachta Domhanda, lena n-áirítear WorldWise Global Schools, agus i dtionscnaimh eile a chuireann saoránacht dhomhanda agus forbairt inbhuanaithe chun cinn.
- Cuirtear deiseanna forbartha gairmiúla ar fáil don fhoireann uile maidir le réiteach coinbhleachta agus cur chun cinn iompar dearfach, chun tacú le folláine agus le dea-chaidrimh sa scoil.

### Inbhuanaitheacht Eacnamaíoch

Aithníonn Gaelscoil Phort Láirge go bhfuil úsáid fhreagrach acmhainní agus cinnteoireacht eiticiúil ríthábhachtach chun todhchaí inbhuanaithe a chinntiú.

- Ghlac ranganna a ceathair agus a cúig páirt i gceardlanna a reáchtáil **Fairtrade Ireland,** inar foghlaim siad faoi phrionsabail na Trádála Córa agus faoin tábhacht a bhaineann le táirgí a bhfuil an comhartha Fairtrade orthu a roghnú.
- Tugtar deis do dhaltaí páirt a ghlacadh i gcinnteoireacht na scoile maidir le húsáid acmhainní. Tá Comhairle na nDaltaí bunaithe againn agus glacann sí páirt ghníomhach i bhforbairt shaol na scoile.

- Léiríonn gníomhaíochtaí tiomsaithe airgid na scoile prionsabail eiticiúla agus inbhuanaithe.
- Gach bliain eagraíonn daltaí rang a sé Díolachán, agus bronntar an t-airgead a bhailítear ar charthanas roghnaithe. Spreagann an tionscnamh seo athúsáid leabhar, bréagán, seodra agus earraí eile, chomh maith le geansaithe Nollag a thabhairt ar aghaidh lena n-athúsáid. I mbliana, tugadh an t-airgead ar fad d'Ionad Solais, Port Láirge.
- Glacann an scoil páirt freisin sa bhfeachtas bliantúil Fill a Bus, a bhailíonn bia don Bhanc Bia i bPort Láirge.
- Coinnítear foirgnimh agus áiseanna na scoile ar ardchaighdeán, agus cuirtear prionsabail na hinbhuanaitheachta san áireamh i gcónaí agus obair chothabhála á pleanáil agus á cur i gcrích.

### Inbhuanaitheacht Chultúrtha

Creideann Gaelscoil Phort Láirge go bhfuil meas ar chultúr, ar oidhreacht agus ar éagsúlacht riachtanach chun pobal scoile folláin agus cuimsitheach a chruthú.

- Cothaíonn éiteas na scoile féinmheas, meas ar dhaoine eile agus caidrimh dhearfacha idir gach ball de phobal na scoile.
- Ullmhaítear na daltaí don saol i sochaí ilchultúrtha trí churaclam agus trí ghníomhaíochtaí na scoile.
- Tá dlúthcheangal idir an scoil agus an pobal áitiúil. Tá Cumann Tuismitheoirí gníomhach agus tacúil againn a chuireann go mór le saol na scoile. Oibrímid freisin i gcomhar le heagraíochtaí spóirt áitiúla, a chuireann oiliúint agus áiseanna ar fáil dár ndaltaí.
- Cuirtear cultúr na hÉireann chun cinn trí ranganna damhsa Gaelaigh gach bliain agus trí cheachtanna ceoil thraidisiúnta sa scoil, lena n-áirítear an fheadóg stáin, an fidil agus an bosca ceoil.
- Tacaíonn an scoil go gníomhach leis an éagsúlacht chultúrtha laistigh den scoil agus sa phobal i gcoitinne. Le blianta beaga anuas tá méadú tagtha ar líon na ndaltaí ó chúlraí agus ó náisiúntachtaí éagsúla, rud a shaibhríonn saol na scoile.

## Inniúlacht na Múinteoirí

Aithníonn Gaelscoil Phort Láirge an ról ríthábhachtach atá ag múinteoirí agus ag an bhfoireann uile maidir le forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn.

- Tá sé mar aidhm againn tacú lenár múinteoirí agus lenár mbaill foirne uile a gcumas agus a saineolas san Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe (OFI) a fhorbairt.
- Tá dul chun cinn dearfach déanta againn sa réimse seo le linn na scoilbhliana 2025/2026 agus tá sé i gceist againn an obair seo a leathnú agus a neartú le tacaíocht agus le deiseanna breise forbartha gairmiúla le linn na mblianta amach romhainn.
- Spreagtar baill foirne a bhfuil saineolas nó taithí acu san OFI a gcuid eolais agus dea-chleachtais a roinnt lena gcomhghleacaithe, agus cuirfear gach tacaíocht ar fáil chun an comhoibriú seo a éascú.

## Inniúlacht na nDaltaí

Tá sé mar aidhm againn na scileanna, an t-eolas agus na luachanna a thabhairt dár ndaltaí chun gníomhú mar shaoránaigh fhreagracha agus mar cheannairí inbhuanaithe sa todhchaí.

- Spreagtar agus tacaítear le daltaí páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí foghlama piara-go-piara, rud a chabhraíonn leo eolas agus scileanna a roinnt lena chéile.
- Tá Comhairle na nDaltaí sa scoil, agus glacann sí páirt ghníomhach i gcinntí a bhaineann le saol na scoile agus leis na bealaí inar féidir é a fheabhsú.
- Tá Coiste na Scoileanna Glasa páirteach i gcinntí maidir le laghdú dramhaíola, athúsáid agus athchúrsáil a chur chun cinn, chomh maith le feasacht a ardú faoi na téamaí nua a ndírítear orthu gach bliain.
- Glacann daltaí páirt i dtionscadail fhoghlama atá bunaithe ar fhadhbanna agus ar dhúshláin fhíorshaoil sa phobal áitiúil, agus a chuireann folláine, cúram comhshaoil agus saoránacht ghníomhach chun cinn.

## Spriocanna Inbhuanaitheachta Ghaelscoil Phort Láirge

Le linn na mblianta atá romhainn, tá sé mar aidhm ag an scoil na spriocanna seo a leanas a bhaint amach:

- Bratach Ghlas a bhaint amach faoin téama Saoránacht Dhomhanda: Fuinneamh faoi 2027, agus tacú go gníomhach le Sprioc 7 – Fuinneamh Inacmhainne agus Glan agus Sprioc 13 – Gníomhú ar son na hAeráide.
- Leanúint d'Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe agus folláine a fhí isteach i ngach gné den teagasc agus den fhoghlaim, agus deiseanna forbartha gairmiúla leanúnaí a chur ar fáil don fhoireann.
- Comharthaí agus taispeántais eolais a chur ar fáil sa pholatholl chun feasacht a mhúscailt faoi phailniú, bithéagsúlacht agus tionscadail eile a bhaineann leis an inbhuanaitheacht.
- Oibriú leis an bpobal trí imeachtaí agus tionscnaimh a eagrú a chuireann Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe agus folláine chun cinn.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras tuáillí páipéir atá in úsáid faoi láthair chun féachaint an féidir roghanna eile atá níos inbhuanaithe agus níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol a chur ina n-ionad.

## Cur i bhFeidhm agus Athbhreithniú

Cuireadh an Ráiteas Beartais Inbhuanaitheachta seo i bhfeidhm le linn na scoilbhliana 2025/2026.

Chun a chinntiú go leanfaidh Gaelscoil Phort Láirge ag cur feabhais ar a cuid oibre i réimse na hinbhuanaitheachta agus an ghníomhaithe ar son na haeráide, déanfar athbhreithniú foirmiúil ar an Ráiteas seo gach dara bliain.

Glacann Bord Bainistíochta na scoile leis an Ráiteas seo mar léiriú ar ár dtiomantas leanúnach do thodhchaí níos inbhuanaithe, níos cothroime agus níos folláine dár ndaltaí, dár bpobal scoile agus don domhan mórthimpeall orainn.